Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

12788/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0265(NLE)**

UD 193
COEST 682
WTO 177

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Comhlachais AE-an Úcráin i gcumraíocht Trádála a bunaíodh leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn XV (Comhfhogasú na reachtaíochta custaim) a ghabhann leis an gComhaontú sin a thabhairt cothrom le dáta |

**CINNEADH (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh
i gCoiste Comhlachais AE-an Úcráin i gcumraíocht Trádála
a bunaíodh leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach
agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt,
agus an Úcráin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn XV
(Comhfhogasú na reachtaíochta custaim)
a ghabhann leis an gComhaontú sin a thabhairt cothrom le dáta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile[1] ('an Comhaontú') i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2017.

(2) De bhun Airteagal 465(2) den Chomhaontú, féadfaidh an Chomhairle Comhlachais aon cheann de na cumhachtaí atá aici a tharmligean chuig an gCoiste Comhlachais, lena n- áirítear an chumhacht cinntí ceangailteacha a dhéanamh.

(3) Le Chinneadh Uimh. 3/2014 ón gComhairle Comhlachais[2], tharmlig an Chomhairle Comhlachais an chumhacht chun Iarscríbhinn XV, i measc iarscríbhinní eile, a ghabhann leis an gComhaontú a thabhairt cothrom le dáta nó a leasú chuig an gCoiste Comhlachais i gcumraíocht Trádála.

---

1 IO L 161, 29.5.2014, lch. 3

2 Cinneadh Uimh. 3/2014 ó Chomhairle Comhlachais AE-an Úcráin an 15 Nollaig 2014 maidir le cumhachtaí áirithe a tharmligean chuig an gCoiste Comhlachais i gcumraíocht Trádála ag an gComhairle Chomhlachais [2015/980] (IO L 158, 24.6.2015, lch. 4).

(4) Le linn an chéad chruinnithe eile a bheidh aige, tá an Coiste Comhlachais i gcumraíocht Trádála le cinneadh a ghlacadh maidir le hIarscríbhinn XV a ghabhann leis an gComhaontú a thabhairt cothrom le dáta.

(5) Ós rud é gur leasaíodh nó gur aisghaireadh roinnt gníomhartha de chuid an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an gComhaontú ó tugadh an chaibidlíocht maidir leis an gComhaontaithe i gcrích, is gá an Iarscríbhinn sin a thabhairt cothrom le dáta, lena n-áirítear trí sprioc-amanna áirithe a choigeartú chun an dul chun cinn atá déanta cheana ag an Úcráin go dtí seo i bpróiseas an chomhfhogasaithe do *acquis* an Aontais a chur san áireamh.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Comhlachais i gcumraíocht Trádála a bhunú ós rud é go mbeidh an cinneadh atá beartaithe ina cheangal ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Comhlachais AE-an Úcráin i ndáil le cumraíocht Trádála arna bhunú leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, ag an gcéad chruinniú eile den Choiste Comhlachais, a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn XV (Comhfhogasú na reachtaíochta custaim) a ghabhann leis an gComhaontú sin a thabhairt cothrom le dáta, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Choiste Comhlachais AE-an Úcráin i gcumraíocht Trádála atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tar éis a ghlactha, foilseofar Cinneadh Choiste Comhlachais AE-an Úcráin i gcumraíocht Trádála dá dtagraítear in Airteagal 1 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*